# An dea-Scéal



# The Good News



Sa séú mí, cuireadh an t-aingeal Gaibriéil ó Dhia go dtí cathair sa Ghailíl darbh ainm Nazarat chun maighdine a bhí luaite le fear de theaghlach Dháiví darbh ainm Iósaef, agus b'é ab ainm don mhaighdean, Muire. Agus ar a theacht isteach chuici dúirt: "Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná." Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo. Ach dúirt an t-aingeal léi: "Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó ríchathaoir Dháiví a athair, agus beidh sé ina Rí ar theaghlach Iacóib go brách, agus ní bheidh deireadh lena ríocht." Lúcás 1:26-33

Dúirt Muire: "Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail." Agus d'imigh an t-aingeal uaithi. Lúcás 1:38

* * * * *

Now in the sixth month the angel Gabriel was sent by God to a city of Galilee named Nazareth, to a virgin betrothed to a man whose name was Joseph, of the house of David. The virgin's name was Mary. And having come in, the angel said to her, "Rejoice, highly favored one, the Lord is with you; blessed are you among women!" But when she saw him, she was troubled at his saying, and considered what manner of greeting this was. Then the angel said to her, "Do not be afraid, Mary, for you have found favor with God. And behold, you will conceive in your womb and bring forth a Son, and shall call His name Jesus. He will be great, and will be called the Son of the Highest; and the Lord God will give Him the throne of His father David. And He will reign over the house of Jacob forever, and of His kingdom there will be no end." (Luke 1:26-33)


Then Mary said, "Behold the maidservant of the Lord! Let it be to me according to your word." And the angel departed from her. (Luke 1:38)



Agus chuaigh Iósaef freisin suas ón nGailíl, ó chathair Nazarat, go hIúdáia, go dtí cathair Dháiví ar a nglaotar Beithil, de bhrí gur de theaghlach agus de threabhchas Dháiví é féin, chun a chláraithe mar aon le Muire, a bhean chéile, a bhí ag iompar clainne. Agus tharla, le linn dóibh bheith ann, gur tháinig a hionú, agus rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta. Lúcás 2:4-7

* * * * *

Joseph also went up from Galilee, out of the city of Nazareth, into Judea, to the city of David, which is called Bethlehem, because he was of the house and lineage of David, to be registered with Mary, his betrothed wife, who was with child. So it was, that while they were there, the days were completed for her to be delivered. And she brought forth her firstborn Son, and wrapped Him in swaddling cloths, and laid Him in a manger, because there was no room for them in the inn. (Luke 2:4-7)



Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: "Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar." Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá: "Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!" Lúcás 2:8-14

*****

Now there were in the same country shepherds living out in the fields, keeping watch over their flock by night. And behold, an angel of the Lord stood before them, and the glory of the Lord shone around them, and they were greatly afraid. Then the angel said to them, "Do not be afraid, for behold, I bring you good tidings of great joy which will be to all people. For there is born to you this day in the city of David a Savior, who is Christ the Lord. And this will be the sign to you: You will find a Babe wrapped in swaddling cloths, lying in a manger." And suddenly there was with the angel a multitude of the heavenly host praising God and saying: "Glory to God in the highest, and on earth peace, goodwill toward men!"

(Luke 2:8-14)



Agus d'fhás an leanbh agus neartaigh, é lán d'eagna; agus bhí grásta Dé ina luí air. Lúcás 2:40

* * * * *

And the Child grew and became strong in spirit, filled with wisdom; and the grace of God was upon Him. (Luke 2:40)



Tháinig Eoin ag baisteadh san fhásach agus ag fógairt baiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh. Agus bhí ag teacht amach chuige na daoine ó thír Iúdáia go léir, agus muintir uile Iarúsailéim, agus iad ag fáil baiste uaidh in abhainn na Iordáine ag admháil a bpeacaí. Bhí rón camaill mar éadach ar Eoin, crios leathair faoina choim aige, lócaistí agus mil fhiáin mar bheatha aige. Agus bhíodh sé ag seanmóir á rá: "Tá ag teacht i mo dhiaidh an té atá níos treise ná mé, agus ní fiú mé cromadh síos chun iall a chuarán a scaoileadh. Bhaist mise le huisce sibh, ach baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh."

Lá de na laethanta sin tháinig Íosa ó Nazarat sa Ghailíl agus fuair baisteadh sa Iordáin ó Eoin. Agus an túisce a tháinig sé aníos as an uisce, chonaic sé na flaithis ag oscailt ó chéile agus an Spiorad mar a bheadh colm ag teacht anuas air. Agus tháinig glór ó na flaithis: "Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi."


Marcas 1:4-11

* * * * *

John came baptizing in the wilderness and preaching a baptism of repentance for the remission of sins. Then all the land of Judea, and those from Jerusalem, went out to him and were all baptized by him in the Jordan River, confessing their sins. Now John was clothed with camel's hair and with a leather belt around his waist, and he ate locusts and wild honey. And he preached, saying, "There comes One after me who is mightier than I, whose sandal strap I am not worthy to stoop down and loose. I indeed baptized you with water, but He will baptize you with the Holy Spirit."

It came to pass in those days that Jesus came from Nazareth of Galilee, and was baptized by John in the Jordan. And immediately, coming up from the water, He saw the heavens parting and the Spirit descending upon Him like a dove. Then a voice came from heaven, "You are my beloved Son, in whom I am well pleased."

(Mark 1:4-11)



Chuaigh sé an sliabh suas agus ghlaoigh sé chuige iad seo ab áil leis féin. Tháinig siad chuige, agus cheap sé dáréag mar chompánaigh aige féin agus chun go gcuirfeadh sé uaidh iad ag seanmóir, agus údarás acu chun na deamhain a chaitheamh amach.

Marcas 3:13-15

*****

And He went up on the mountain and called to Him those He Himself wanted. And they came to Him. Then He appointed twelve, that they might be with Him and that He might send them out to preach, and to have power to heal sicknesses and to cast out demons. (Mark 3:13-15)




Bhí ar na Fairísinigh duine darbh ainm Níocodaemas, uachtarán ar na Giúdaigh. Tháinig an duine seo chuige san oíche agus dúirt leis: "Tá fhios againn, a raibí, gur oide thú a tháinig ó Dhia óir ní féidir le haon duine na comharthaí seo a dhéanann tú a dhéanamh gan Dia a bheith leis." D'fhreagair Íosa: "Amen, Amen," ar sé leis, "mura nginfear duine athuair ní féidir dó ríocht Dé a fheiceáil."

Dúirt Níocodaemas leis: "Conas is féidir duine a ghiniúint agus é ina sheanduine? An amhlaidh a d'fhéadfadh sé dul isteach i mbroinn a mháthar agus teacht ar an saol athuair?" D'fhreagair Íosa: "Go deimhin féin a deirim leat, mura ngintear duine ó uisce agus ón Spiorad, ní féidir dó dul isteach i ríocht Dé. An ghin a gineadh ón bhfeoil is feoil í; an ghin ón Spiorad is spiorad í. Eoin 3:1-6

*****

There was a man of the Pharisees named Nicodemus, a ruler of the Jews. This man came to Jesus by night and said to him, "Rabbi, we know that You are a teacher come from God; for no one can do these signs that You do unless God is with him."

Jesus answered and said to him, "Most assuredly, I say to you, unless one is born again, he cannot see the kingdom of God." Nicodemus said to Him, "How can a man be born when he is old? Can he enter a second time into his mother's womb and be born?" Jesus answered, "Most assuredly, I say to you, unless one is born of water and the Spirit, he cannot enter the kingdom of God. That which is born of the flesh is flesh, and that which is born of the Spirit is spirit." (John 3:1-6)



Tharla ina dhiaidh sin go ndeachaigh sé isteach i gcathair ar a nglaotar Náín, agus bhí a dheisceabail agus slua mór á thionlacan. Agus nuair a bhí sé i ngar do gheata na cathrach, bhí marbh á thabhairt amach le cur, aonmhac a mháthar, agus ise ina baintreach, agus sochraid mhór de mhuintir na cathrach léi.

Agus nuair a chonaic an Tiarna í, ghlac sé trua di agus dúirt léi: “Ná bí ag gol.” Agus chuaigh sé anonn agus bhain leis an gcróchar, agus stad an lucht iompair. Agus dúirt sé: “A fhir óig, deirim leat, éirigh!” Agus d’éirigh an marbh aniar, agus thosaigh ag caint, agus thug sé dá mháthair é. Agus ghabh uamhan cách, agus bhí siad ag tabhairt glóire do Dhia, ag rá: “Tá fáidh mór éirithe inar measc”; agus: “Rinne Dia a phobal a fhiosrú.” Lúcás 7:11-16

* * * * *

Now it happened, the day after, that He went into a city called Nain; and many of His disciples went with Him, and a large crowd. And when He came near the gate of the city, behold, a dead man was being carried out, the only son of his mother; and she was a widow. And a large crowd from the city was with her. When the Lord saw her, He had compassion on her and said to her, “Do not weep.” Then he came and touched the open coffin, and those who carried him stood still. And He said, “Young man, I say to you, arise.” So he who was dead sat up and began to speak. And He presented him to his mother.

Then fear came upon all, and they glorified God, saying, “A great prophet has risen up among us”' and “God has visited His people.” (Luke 7:11-16)



Nuair a d'ardaigh Íosa a shúile, mar sin, agus nuair a chonaic go raibh slua mór ag teacht chuige, dúirt sé le Pilib: "Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo?" Ag baint trialach as a dúirt sé é sin, mar bhí a fhios aige féin cad a bhí sé chun a dhéanamh. D'fhreagair Pilib é: "Níor leor luach dhá chéad déanar d'arán chun go mbeadh greim an duine acu." Dúirt duine dá dheisceabail leis – ba é Aindrias é, deartháir Shíomóin Peadar: "Tá ógánach anseo a bhfuil cúig builíní eorna aige, agus dhá iasc, ach cá rachadh an méid sin ar oiread daoine?"

Dúirt Íosa: "Cuirigí na daoine ina suí" – bhí mórán féir san áit. Shuigh siad síos mar sin, timpeall cúig mhíle duine. Agus thóg Íosa na builíní, d'altaigh, agus roinn iad ar na daoine agus iad ina suí; agus mar an gcéanna oiread agus a b'áil leo de na héisc. Nuair a bhí siad sách, dúirt sé lena dheisceabail: "Bailígí an brúscar fuíligh chun nach rachadh aon ní amú." Bhailigh siad ansin lán dhá chiseán déag de bhrúscar as na cúig builíní eorna, a d'fhág na daoine a fuair an béile. Nuair a chonaic na daoine, mar sin, cad é mar chomhartha a bhí déanta ag Íosa, dúirt siad: "Is é seo go dearfa an fáidh atá le teacht ar an saol." Eoin 6:5-14

*****

Then Jesus lifted up His eyes, and seeing a great multitude coming toward Him, He said to Philip, "Where shall we buy bread, that these may eat?" But this He said to test him, for He himself knew what He would do. Philip answered Him, "Two hundred denarii worth of bread is not sufficient for them, that every one of them may have a little." One of His disciples, Andrew, Simon Peter's brother, said to Him, "There is a lad here who has five barley loaves and two small fish, but what are they among so many?"

Then Jesus said, "Make the people sit down." Now there was much grass in the place. So the men sat down, in number about five thousand. And Jesus took the loaves, and when He had given thanks He distributed them to the disciples, and the disciples to those sitting down; and likewise of the fish, as much as they wanted. So when they were filled, He said to His disciples, "Gather up the fragments that remain, so that nothing is lost." Therefore they gathered them up, and filled twelve baskets with the fragments of the five barley loaves which were left over by those who had eaten. Then those men, when they had seen the sign that Jesus did, said, "This is truly the Prophet who is come into the world." (John 6:5-14)



Nuair a bhí an tráthnóna ann chuaigh a dheisceabail síos chun na farraige, agus ar dhul ar bord loinge dóibh chuaigh siad trasna na farraige i dtreo Chafarnáum. Bhí an dorchacht ann feasta agus ní raibh Íosa tagtha chucu fós. Bhí gaoth mhór ag séideadh agus d'éirigh suaitheadh ar an bhfarraige. Nuair a bhí cúig nó deich staid fichead d'fharraige curtha díobh acu, chonaic siad Íosa ag siúl ar an bhfarraige agus é ag teacht i gcóngar na loinge; agus tháinig scanradh orthu. Ach dúirt sé leo: "Mise atá ann. Ná bíodh eagla oraibh." B'áil leo ansin é thógáil isteach sa long, agus bhí an long gan aon mhoill ag an talamh mar a raibh siad ag dul. Eoin 6:16-21

* * * * *


Now when evening came, His disciples went down to the sea, got into the boat, and went over the sea toward Capernaum. And it was already dark, and Jesus had not come to them. Then the sea arose because a great wind was blowing. So when they had rowed about three or four miles, they saw Jesus walking on the sea and drawing near the boat; and they were afraid. But He said to them, "It is I; do not be afraid." Then they willingly received Him into the boat, and immediately the boat was at the land where they were going. (John 6:16-21)



Agus bhí siad ag tabhairt na leanaí chuige chun go sínfeadh sé a lámh orthu, ach bhí na deisceabail ag cur ceartú orthu. Ar a fheiceáil sin dó, tháinig míchéadfa air agus dúirt leo: "Ligigí do na leanaí teacht chugam; na coiscigí iad, óir is lena leithéidí seo ríocht Dé. Deirim libh go fírinneach, cibé nach nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh, ní rachaidh sé isteach inti choíche." Agus rug sé barróg orthu, chuir a lámha orthu, agus bheannaigh iad. Marcas 10:13-16

* * * * *

Then they brought little children to Him, that He might touch them; but the disciples rebuked those who brought them. But when Jesus saw it, He was greatly displeased and said to them, "Let the little children come to Me, and do not forbid them; for of such is the kingdom of God. Assuredly I say to you, whoever does not receive the kingdom of God as a little child will by no means enter it." And He took them up in His arms, laid His hands on them, and blessed them. (Mark 10:13-16)




Mise an sáraoire, Tugann an sáraoire a bheatha ar son a chaorach. Eoin 10:11

Éisteann mo chaoirigh le mo ghlór, agus aithním iad, agus leanann siad mé. Tá an bheatha shíoraí agam á tabhairt dóibh, agus ní chaillfear go deo iad, ná ní fhuadóidh aon duine as mo láimh iad. Eoin 10:27-28

* * * * *

"I am the good shepherd. The good shepherd gives His life for the sheep." (John 10:11)

"My sheep hear My voice, and I know them, and they follow Me. And I give them eternal life, and they shall never perish; neither shall anyone snatch them out of My hand." (John 10:27-28)



Thionóil na hardsagairt agus na Fairisínigh comhairle agus dúirt siad: "Cad atá á dhéanamh againn? Óir tá a lán míorúiltí á ndéanamh ag an duine seo. Má ligimid leis mar seo creidfidh cách ann agus tiocfaidh na Rómhánaigh agus scriosfaidh siad ár n-áit [naofa] agus ár gcine."

Ach aon duine amháin acu, Cáiafas, ardsagart na bliana sin, dúirt sé leo: "Ní fios daoibh rud ar bith, ná ní thuigtear daoibh gur fearr aon duine amháin a fháil bháis ar son an phobail, ná an cine go léir a dhul ar ceal." Ní uaidh féin a dúirt sé é seo, ach mar gurbh é an t-ardsagart é don bhliain sin, rinne sé tairngreacht go raibh Íosa chun bás a fháil ar son an chine, agus ní ar son an chine amháin é, ach chun go gcruinneodh sé le chéile, ina aon, clann Dé a bhí scaipthe. Ón lá sin amach bhí sé beartaithe acu é a chur chun báis. Eoin 11:47-53

* * * * *

Then the chief priests and the Pharisees gathered a council and said, "What shall we do? For this Man works many signs. If we let Him alone like this, everyone will believe in Him, and the Romans will come and take away both our place and nation."


And one of them, Caiaphas, being high priest that year, said to them, "You know nothing at all, nor do you consider that it is expedient for us that one man should die for the people, and not that the whole nation should perish." Now this he did not say on his own authority; but being high priest that year he prophesied that Jesus would die for the nation, and not for that nation only, but also that He would gather together in one the children of God who were scattered abroad. Then, from that day on, they plotted to put Him to death. (John 11:47-53)



Nuair a bhí an tráthnóna ann, shuigh sé chun boird in éineacht leis an dáréag deisceabal. Agus le linn dóibh bheith ag ithe, dúirt: "Deirim libh go fírinneach, braithfidh duine agaibh mé." Agus ó ba mhó é a mbuaireamh, thosaigh siad, gach duine acu, ag fiafraí de: "An mise é, a Thiarna?" D'fhreagair sé: "Duine a thum a lámh sa mhias i mo theannta," ar seisean, "sin é a dhéanfaidh mé a bhrath." Matha 26:20-23

*****

When evening had come, He sat down with the twelve. Now as they were eating, He said, "Assuredly, I say to you, one of you will betray Me." And they were exceedingly sorrowful, and each of them began to say to Him, "Lord, is it I?" He answered and said, "He who dipped his hand with Me in the dish will betray Me." (Matthew 26:20-23)





Bhí beirt choirpeach eile á seoladh mar aon leis chun a mbásaithe. Nuair a bhí siad tagtha go dtí an áit ar a nglaotar an Cloigeann, chéas siad ansiúd é féin agus na coirpigh, duine acu ar a dheis agus an duine eile ar a chlé. Lúcás 23:32-33

Duine de na coirpigh a bhí arna gcrochadh, bhí sé á dhiamhaslú á rá: "Nach tú an Críost? Saor tú féin agus sinne." Ach thug an duine eile casaoid dó agus dúirt: "An ea nach bhfuil eagla Dé ort, agus tusa faoin daorbhreith chéanna? Agus maidir linne, is le ceart é: tá díol ár mbeart féin á thabhairt orainn ach ní dhearna sé seo rud ar bith as an tslí." Agus dúirt: "A Íosa, cuimhnigh ormsa nuair a thiocfaidh tú faoi réim do ríochta!" Agus dúirt seisean leis: "Deirim leat go fírinneach, beidh tú in éineacht liom inniu i bparthas." Lúcás 23:39-43

*****

There were also two others, criminals, led with Him to be put to death. And when they had come to the place called Calvary, there they crucified Him, and the criminals, one on the right hand and the other on the left. (Luke 23:32-33)


Then one of the criminals who were hanged blasphemed Him, saying, "If You are the Christ, save Yourself and us." But the other, answering, rebuked him, saying, "Do you not even fear God, seeing you are under the same condemnation? And we indeed justly, for we receive the due reward of our deeds; but this Man has done nothing wrong." Then he said to Jesus, "Lord, remember me when You come into Your kingdom." And Jesus said to him, "Assuredly, I say to you, today you will be with Me in Paradise." (Luke 23:39-43)




Bhí sé timpeall an séú huair faoin am seo nuair a tháinig dorchadas anuas ar an talamh go léir go dtí an naoú huair, mar chaill an ghrian a solas. Réabadh brat an Teampaill ina lár. Agus ghlaoigh Íosa amach de ghlór ard agus dúirt: "A Athair, taobhaím mo spiorad i leith do lámh." Agus ar a rá sin dó, shíothlaigh sé. Nuair a chonaic an taoiseach céad cad a tharla, bhí sé ag tabhairt glóire do Dhia á rá: "Ba dhuine fíréanta an fear seo go deimhin." Lúcás 23:44-47

*****


Now it was about the sixth hour, and there was darkness over all the earth until the ninth hour. Then the sun was darkened, and the veil of the temple was torn in two. And when Jesus had cried out with a loud voice, He said, "Father, into your hands I commit My spirit." Having said this, He breathed His last. So when the centurion saw what had happened, he glorified God, saying, "Certainly this was a righteous Man!" (Luke 23:44-47)



Nuair a bhí an tráthnóna ann, tháinig fear saibhir as Aramatáia darbh ainm Iósaef, agus é féin freisin ina dheisceabal ag Íosa; chuaigh sé seo go dtí Pioláit agus d'iarr corp Íosa air. D'ordaigh Pioláit ansin é a thabhairt dó. Thóg Iósaef an corp, d'fhill i línéadach glan é agus chuir ina thuama nua féin é a bhí gearrtha sa charraig aige; agus tar éis dó cloch mhór a iompú le béal an tuama d'imigh sé leis. Bhí Máire Mhaigdiléana ann agus an Mháire eile, agus iad ina suí os comhair na huaimhe. Matha 27:57-61

*****

Now when evening had come, there came a rich man from Arimathea, named Joseph, who himself had also become a disciple of Jesus. This man went to Pilate and asked for the body of Jesus. Then Pilate commanded the body to be given to him. When Joseph had taken the body, he wrapped it in a clean linen cloth, and laid it in his new tomb which he had hewn out of the rock; and he rolled a large stone against the door of the tomb, and departed. And Mary Magdalene was there, and the other Mary, sitting opposite the tomb. (Matthew 27:57-61)




An chéad lá den tseachtain, go lánmhoch ar maidin, tháinig siad go dtí an tuama agus na spíosraí acu a bhí ullmhaithe acu. Fuair siad an chloch iompaithe siar ón tuama; ach ar dhul isteach ann dóibh, ní bhfuair siad corp an Tiarna Íosa.


Bhí ceist orthu faoin méid sin, ach lena linn sin bhí beirt fhear ansiúd láimh leo agus éadach dealraitheach orthu. Ghlac na mná bíogadh agus chrom siad a gceann chun na talún, agus dúirt siadsan leo: "Cad a bheir daoibh a bheith ar lorg an bheo i measc na marbh? Níl sé anseo: tá sé éirithe. Tugaigí chun cuimhne mar a labhair sé libh agus é fós sa Ghailíl, mar a dúirt nárbh fholáir Mac an Duine a thabhairt ar láimh do pheacaigh, agus é a chéasadh, agus é a éirí an treas lá." Agus tháinig a bhriathra chun a gcuimhne. Lúcás 24:1-8

* * * * *

Now on the first day of the week, very early in the morning, they, and certain other women with them, came to the tomb bringing the spices which they had prepared. But they found the stone rolled away from the tomb. Then they went in and did not find the body of the Lord Jesus.

And it happened, as they were greatly perplexed about this, that behold, two men stood by them in shining garments. Then, as they were afraid and bowed their faces to the earth, they said to them, "Why do you seek the living among the dead? He is not here, but is *risen!* Remember how He spoke to you when He was still in Galilee, saying, 'The Son of Man must be delivered into the hands of sinful men, and be crucified, and the third day rise again.'" And they remembered His words. (Luke 24:1-8)





Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine déag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: "Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é." Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Le linn na cainte sin dóibh, sheas sé féin ina measc agus dúirt leo: "Síocháin daoibh!" Ghlac siad scéin agus uamhan, á mheas gur ag féachaint ar spiorad a bhí siad. Ach dúirt sé leo: "Cad é an scanradh atá oraibh, agus cad chuige a bhfuil ceisteanna ag teacht in bhur gcroí! Féachaigí mo lámha agus mo chosa, gur mé féin atá ann. Láimhseálaigí mé, agus tuigigí nach mbíonn feoil ná cnámha ag spiorad mar a fheiceann sibh atá agamsa." Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chosa. Lúcás 24:33-40

* * * * *

So they rose up that very hour and returned to Jerusalem, and found the eleven and those who were with them gathered together, saying, "The Lord is risen indeed, and has appeared to Simon!" And they told about the things that had happened on the road, and how He was known to them in the breaking of bread.

Now as they said these things, Jesus Himself stood in the midst of them, and said to them, "Peace to you." But they were terrified and frightened, and supposed they had seen a spirit. And he said to them, "Why are you troubled? And why do doubts arise in your hearts? Behold My hands and My feet, that it is I Myself. Handle Me and see, for a spirit does not have flesh and bones as you see I have." When He had said this, He showed them His hands and His feet. (Luke 24:33-40)



Agus dúirt sé leo: "Is amhlaidh sin atá scríofa, go bhfulaingeodh an Críost agus go n-éireodh sé ó mhairbh an treas lá, agus go mbeadh aithrí agus maithiúnas peacaí á bhfógairt ina ainm do na náisiúin uile, ag tosú ó Iarúsailéim. Is finnéithe sibhse ar na nithe seo.

Lúcás 24:46-48

Ansin sheol sé amach iad chomh fada le Béatáine, agus ag ardú a lámh dó, bheannaigh iad. Agus le linn dó iad a bheannú, scar sé leo agus tógadh suas ar neamh é. Lúcás 24:50-51

* * * * *

And He said to them, "Thus it is written, and thus it was necessary for the Christ to suffer and to rise from the dead the third day, and that repentance and remission of sins should be preached in His name to all nations, beginning at Jerusalem. And you are witnesses of these things." (Luke 24:46-48)

And he led them out as far as Bethany, and He lifted up His hands and blessed them. Now it came to pass while He blessed them, that He was parted from them and carried up into heaven. (Luke 24:50-51)

Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh i dtreo, gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha shioraí aige. Óir ní chun daorbhreith a thabhairt ar an saol a chuir Dia a Mhac uaidh ar an saol ach chun go slánófaí an saol tríd. An té a chreideann ann ní thabharfar daorbhreith air, ach an té nach gcreideann ann, tá daorbhreith tugtha air cheana féin, mar nár chreid sé in ainm Mhac Dé, a Aonghin. Eoin 3:16-18

For God so loved the world that He gave His only begotten Son, that whoever believes in Him should not perish but have everlasting life. For God did not send His Son into the world to condemn the world, but that the world through Him might be saved. He who believes in Him is not condemned; but he who does not believe is condemned already, because he has not believed in the name of the only begotten Son of God. (John 3:16-18)

---

Má deirimid nach bhfuil aon pheaca orainn meallaimid sinn féin agus níl an fhírinne ionainn. Má admhaímid ár bpeacaí, tá seisean dílis cóir agus maithfidh sé dúinn ár bpeacaí agus glanfaidh sinn ón uile olc. 1 Eoin 1:8-9

If we say that we have no sin, we deceive ourselves, and the truth is not in us. If we confess our sins, He is faithful and just to forgive us our sins and to cleanse us from all unrighteousness. (I John 1:8-9 )

---

Dúirt Íosa leis: "Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha. Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa. Eoin 14:6

Jesus said to him, "I am the way, the truth, and the life. No one comes to the Father except through Me." (John 14:6)

---

Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh. Tógaigí oraibh mo chuing agus tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí, agus gheobhaidh sibh faoiseamh do bhur n-anamacha; óir tá mo chuing so-iompair agus m'ualach éadrom." Matha 11:28-30

"Come to Me, all you who labor and are heavy laden, and I will give you rest. Take My yoke upon you and learn from Me, for I am gentle and lowly in heart, and you will find rest for your souls. For My yoke is easy and My burden is light." (Matthew 11:28-30)

---

Bhí go leor fearta eile fós a rinne Íosa os comhair a dheisceabal, agus níl aon chur síos orthu sa leabhar seo. Ach cuireadh an méid sin i scríbhinn chun go gcreidfeadh sibh gurb é Íosa an Criost, Mac Dé, agus á chreidiúint go mbeadh an bheatha agaibh ina ainm. Eoin 20:30-31

And truly Jesus did many other signs in the presence of His disciples, which are not written in this book; but these are written that you may believe that Jesus is the Christ, the Son of God, and that believing you may have life in His name. (John 20:30-31)

---

"Mise an tAlfa agus an tÓimige, an té atá ar tosach agus ar deireadh, an tús agus an chríoch."
Apacailipsis Eoin 22:13

"I am the Alpha and the Omega, the Beginning and the End, the First and the Last."
(Revelation 22:13)

AΩ



Does this prayer express the desire of your heart? If it does, pray this prayer and Christ will come into your life as He promised:

*"Lord Jesus, I realize that I am a sinner and need you in my life. I thank you for dying on the cross to take away my sins. Thank you for forgiving my sins and giving me eternal life. I invite you into my life as Savior and Lord. Please take control of my life."*

Name ________________________________________ Date ____________________

* * * * *

An léiríonn an phaidir seo mian do chroí? Má léiríonn, abair an phaidir seo agus tiocfaidh Críost isteach i do shaol mar a gheall sé.

*"A Thiarna Íosa, tuigim gur peacaí mé agus go bhfuil tú de dhíth i mo shaol. Tugaim buíochas duit as fáil bháis ar an chros chun mo pheacaí a ghlacadh uaim. Go raibh maith agat as mo pheacaí a maith domh agus as saol síoraí a thabhairt domh. Tugaim cuireadh duit teacht i mo shaol mar Shlánaitheoir agus Thiarna. Glac seilbh de mo shaol, le do thoil."*

Ainm________________________________________Dáta____________________

Illustrated by: Linda Riddell

English Scripture quotations are from the New King James Version
Copyright © 1982 by Thomas Nelson, Inc., Publishers
Used by permission. All rights reserved.

www.goodnewscoloringbook.org

Gaelic (Irish)/English